

**Plean  
Straitéiseach  
2026–2031**

# **CRUTHÚ GEIS TÍÚ CÚRAM**

**NATIONAL  
COLLEGE  
OF ART  
& DESIGN**

**STHÚ**

**CU**

**SEIST**

## **Teastaíonn an straitéis seo *Cruthú, Ceistiú, Cúram* chun muid a threorú don chéad chúig bliana eile mar gheall ar na fáthanna seo a leanas...**

Tá níos mó cleachtais cruthaithigh, díongabhálteachta agus scileanna de dhíth ar an domhan *anois* ná riamh.

Tá athrú suntasach tagtha ar réaltachtaí maireachtála na mac léinn, mar sin ní mór dúinn gníomhú *anois* chun an t-oideachas nuálach, cróga agus ábhartha a theastaíonn uathu a sholáthar.

Ciallaíonn tógáil an Choláiste agus an champas atá riachtanach don todhchaí go gcaithfimid aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta *anois*.

Ní leor é a bheith i do phríomhinstitiúid ealaíne agus dearaidh *anois*: ní mór dúinn oibriú le comhpháirtithe san ealaín agus sa dearadh agus níos leithne chun dul chun cinn sóisialta bríoch a bhaint amach.

# **ÚIRAM**

# **TIÚ**

## Brollach

Tá stair, comhthéacs agus seasamh faoi leith ag NCAD i gcomhthéacs an oideachais ealaíne agus dearaidh in Éirinn. Leanann NCAD de bheith ag tairiscint an raon is mó céimeanna ealaíne agus dearaidh sa Stát ag leibhéal fochéime agus iarchéime, agus is cúis bhróid ollmhór é go bhfuil tionchar mór ag ár n-iar-mhíic léinn ar fud shoचाई na hÉireann agus ar fud an domhain.

Tuigeann an Bord go rímhaith thábhacht shuíomh NCAD, agus ar gá maidir le rialú laistigh de chomhthéacs sóisialta, geilleagrach, aeráide agus polaitiúil atá ag athrú. Éilíonn tiomantas NCAD do rialachas infheicthe agus comhtháite, do láidreachta agus lúfaireacht fhioscach, agus do bhainistíocht réamhghníomhach acmhainní éifeachtacha atá dírithe ar an todhchaí. Is mó ná ráiteas uaimhíne agus fócais dár gcéad chéimeanna eile an Plean Straitéiseach nua seo; is gealltanas é do na mic léinn, don fhoireann, agus do na pobail iomadúla a bhfuil nasc ag an gColáiste leo. Tá an Bord buíoch don Údarás um Ardoideachas, don Aire Lawless agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus do páirtithe leasmhara agus do mhaoinitheoirí, as a dtacaíocht leanúnach do NCAD.

Tá an Bord tiomanta do thodhchaí láidir agus bhríoch a chinntiú don institiúid an-speisialta seo. Tacaímid go hiomlán le gach duine ag NCAD chun cuspóirí an Phlean Straitéisigh seo a bhaint amach, agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile chun ár misean comhroinnte *Cruthú, Ceistiú, Cúram* a bhaint amach.



Siobhán Moriarty, Cathaoirleach an Bhoird

# BROLL

## Foreword

NCAD's history, context and position within art and design education in Ireland is unique. NCAD continues to offer the largest range of art and design degrees in the State at undergraduate and postgraduate levels, and it is a source of immense pride that our alumni have had, and continue to have, great impact across society in Ireland and globally.

An Bord is acutely aware of the importance of NCAD's position, and our need to govern within a changing social, economic, climate and political context. NCAD's commitment to visible and coherent governance, fiscal strength and agility, and proactive management requires effective, future-facing resources. This new Strategic Plan is more than a statement of ambition and focus for our next steps over the coming five years; it is a commitment to the students, staff, and the many communities to which the College is connected. An Bord is most grateful to the Higher Education Authority, to Minister Lawless and the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science, and to stakeholders and funders, for their ongoing support of NCAD.

An Bord is determined to ensure a robust and meaningful future for this very special institution. We fully support everyone at NCAD in bringing this Strategic Plan to life, and we look forward to working together to realise our shared mission to *Create, Challenge, Care*.



Siobhán Moriarty, Chairperson

# LLACI

## Ráiteas an Stiúrtóra

Tá an misean, na luachanna, na spriocanna agus – go háirithe – na gníomhartha a mhúnlóidh céim nua spreagúil agus dhúshlánach do NCAD leagtha amach i *Cruthú, Ceistiú, Cúram* agus muid ag neartú an chlaochlaithe institiúidigh a baineadh amach le chéile faoin straitéis dheireanach.

Bhí an próiseas comhairliúcháin domhain agus leathan. Chuireamar i gcuimhne dúinn féin gurbh é ceann de na torthaí ar agóidí na mac léinn sna 1970idí ná gur shocraigh NCAD go comhfhiosach a bheith níos ábhartha agus níos freagrúla d'athruithe i sochaí na hÉireann. Leanfaimid orainn de bheith cuntasach i leith an dúshláin sin agus muid ag múnlú páirt NCAD maidir le dul i ngleic le saincheisteanna práinneacha don tsochaí amhail athruithe déimeagrafacha, an gá atá le réitigh dhearfacha aeráide agus ceartas aeráide, fíricí geilleagracha atá ag athrú, agus teicneolaíochtaí suaiteacha agus neamhbheartaithe. Sin é an fáth go bhfuil an Plean Straitéiseach seo chomh bunaithe ar ár n-aitheantas ar na fórsaí tiomána fadtéarmacha a théann i bhfeidhm ar an tsochaí chomh maith lenár gcumas mar choláiste ealaíne agus dearaidh aghaidh a thabhairt ar dhúshlán chasta chomhaimseartha le muinín, uaimhian, aclaíocht agus tionchar.

Táimid thar a bheith buíoch de phobal bríomhar NCAD: an fhoireann, na mic léinn, An Bord agus comhpháirtithe, páirtithe leasmhara agus maoinitheoirí, a chuir go léir le *Cruthú, Ceistiú, Cúram* le fuinneamh agus le léargas mór. Táimid thar a bheith buíoch de na mic léinn spreagúla Oisín Allen, Cian Giles, Ella Mc Nulty agus Aisling Strzoda, agus dá gceannairí dáimhe Claire Champion agus Aoife Mc Inerney, a d'aistrigh ár straitéis go dearadh, agus dár n-iar-mhic léinn ag Stiúideo Poist a chruthaigh an suíomh Gréasáin tacaíochta.

Táimid ag seoladh na straitéise seo le linn tréimhse neamhchinnte agus shuaite. Beidh gá le lúfaireacht agus le hinoiriúnaitheacht chun a chinntiú go n-oibrímid le chéile chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Mar chuid de chur i bhfeidhm *Cruthú, Ceistiú, Cúram*, coinneoidimid pobal NCAD agus ár bpáirtithe leasmhara ar an eolas go hiomlán faoinár ndul chun cinn thar na cúig bliana atá romhainn.

Táimid ar bís a fheiceáil cad a bhainfimid amach le chéile.



Professor Sarah Glennie, Stiúrtóir

# RÁIT

## Director's Statement

*Create, Challenge, Care* sets out the mission, values, goals and – importantly – the actions that will shape an exciting and challenging new phase for NCAD as we strengthen the institutional transformation collectively achieved under the last strategy.

The consultation process was deep and expansive. We reminded ourselves that an outcome of the student protests of the 1970s was that NCAD consciously resolved to be more relevant and responsive to changes in Irish society. We continue to hold ourselves accountable to that challenge as we shape NCAD's contribution to pressing issues facing society such as changing demographics, the need for positive climate solutions and climate justice, shifting economic realities, and disruptive and opportunistic technologies. That is why this Strategic Plan is so grounded in our recognition of the long-term driving forces operating in society as well as our potential as a college of art and design to respond to contemporary complex challenges with confidence, ambition, agility and impact.

We are extremely grateful to the dynamic NCAD community of staff, students, An Bord and partners, stakeholders and funders, all of whom contributed to *Create, Challenge, Care* with great energy and insight. We are especially grateful to the inspired students Oisín Allen, Cian Giles, Ella Mc Nulty and Aisling Strzoda, and their faculty leaders Claire Campion and Aoife Mc Inerney, who translated our strategy into design, and to our alumni at Post Studio who created the supporting website.

We are launching this strategy during uncertain and turbulent times. Agility and adaptability will be needed to make sure that we work together to achieve our strategic goals. As part of the implementation of *Create, Challenge, Care*, we will keep the NCAD community and our stakeholders fully informed about our progress over the next five years.

We are excited to see what we will achieve together.



Professor Sarah Glennie, Director

## **Ár bhFís:**

An domhan a athrú trí smaointeoireacht, cruthú agus déanamh atá cróga agus fiosrach.

## **Ár Cuspóir:**

Tá NCAD ann chun athrú samhlaíoch, uailmhianach agus dearfach a chothú, a ghiniúint agus a spreagadh trí ealaín agus dearadh do dhaoine, do phobail agus don tsochaí.

**FIOS  
CURS  
RAM**

## An Coláiste agus an Pobal: Ár Luachanna

Léirimid ár luachanna gach lá – sa rang, ar an gcampas, inár bpobal agus trí chleachtas comhchruthaitheach agus nasctha in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár Luachanna

– **Fiosrach:**

Níl eagla orainn dúshlán a thabhairt do dhearcthaí agus do theorainneacha, agus foirmeacha nua de chleachtas cruthaitheach a fhorbairt. Nuair a ghlacaimid rioscaí, déanaimid amhlaidh le muinín agus le lúfaireacht.

– **Cúramach:**

Táimid eiticiúil agus soiléir maidir lenár gcinntí, agus tuigimid brí agus méid ár bhfreagrachta dá chéile, dár bpobail agus don phláinéid.

– **Nasctha:**

Táimid ionchuimsitheach, is mór againn naisc ar fud an Choláiste, agus cruthaímid bealaí bríocha chun go mbeidh ár dteagasc, ár bhfoghlaim agus ár dtaighde nasctha go hiomlán leis an domhan.

Ár bhFís, Cuspóir agus Luachanna

BR  
RA  
C  
H

# 1 CUMASAI

ÁR MIC LÉINN AGUS ÁR DTAIGHDEOIR  
CHUN A BHEITH CRUTHAITHEACH,  
A CHEISTIÚ AGUS CHUN CÚRAM A

# 4 BÍ MAR GHUTH

FORÁSACH  
A BHEITH MAR GHUTH GNÍOMHACH, FORÁSACH  
DON EALAÍN AGUS DON DEARADH.

A BHEITH MAR CHOLÁISTE

# BÍ LÁ

**IGH**

Í A CHUMASÚ  
CHUN RUDAÍ  
THABHAIRT

# 2 OIRIÚNAIGH & BÍ SOLÚBHTHA

OIRIÚNÚ A DHÉANAMH AGUS SOLÚBHTHAGHT A LÉIRIÚ DO  
FHOGHILANMEOIRÍ REATHA AGUS ANACH ANSEO.

LÁIDIR, DEA-ACMHAINNITHE.

**AIDIR 3**

## Sprioc 1

### **Ár mic léinn agus ár dtaighdeoirí a chumasú chun a bheith cruthaitheach, chun rudaí a cheistiú agus chun cúram a thabhairt**

Is é croílár Sprioc 1 ná foghlaim, teagasc agus taighde a sheachadadh a spreagann athrú treoraithe ag luachanna do dhaoine, do phobail agus don tsochaí. Tá cleachtas cruthaitheach, diongbháilteacht agus scileanna ag teastáil ón domhan níos mó anois ná riamh.

Trínár bhFoghlaim agus ár dTeagasc, déanfaimid:

- Athbhreithniú ar gach clár trí chreat institiúideach agus luachbhunaithe chun a chinntiú go bhfuil ár bpríomhluachanna agus ár gcuspóir leabaithe i dturas foghlama gach mic léinn.
- Acmhainní agus tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne ar fud an Choláiste chun cur go gníomhach le forbairt agus leathnú na foghlama agus an teagaisc tríd an gcreat seo.
- Mic léinn, baill foirne agus alumni a nascadh ag baint úsáide as ár líonraí ealaíne agus dearaidh idir náisiúnta agus domhanda, rud a leathnóidh cumhacht agus tionchar ár bhfoghlaim, ár dtaighde agus ár gcleachtas cruthaitheach.

- Tacaíochtaí taighde ábhartha, inbhuanaithe agus ionchuimsitheacha a fhorbairt, rud a chuirfidh ar chumas baill foirne acadúla agus taighdeoirí ag gach céim gairme taighde a dhéanamh ar bhealaí a thagann le luachanna NCAD a mbeidh tionchar aige agus a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt na foghlama agus an teagaisc amach anseo.
- Tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus do mhic léinn taighde a dhéanamh atá bunaithe go domhain ar chleachtas eiticiúil, ar ionracas agus ar chúram.
- Gréasánú, ag nascadh ár dtaighde go náisiúnta agus go domhanda trí chomhpháirtíochtaí nuálacha straitéiseacha a chruthaíonn deiseanna agus úsáidí nua do thaighde ealaíne agus dearaidh.
- Cleachtais agus éachtaí taighde NCAD a chur in iúl go soiléir go himhneánach agus go seachtrach.

Tá Sprioc 1 tábhachtach mar go gcruthaíonn oideachas NCAD smaointeoirí neamhspleácha ar féidir leo cabhrú le réitigh a aimsiú do dhúshlán sóisialta agus geilleagracha amach anseo. Trína chinntiú go gcomhlíonann ár dteagasc agus ár bhfoghlaim na caighdeáin is airde i gcleachtas cruthaitheach agus fiosrúchán intleachtúil, beidh ár mic léinn agus ár dtaighdeoirí cumasaithe chun a bheith fiosrach, misniúil agus soiléir ina bhfoghlaim, ina ndéanamh, agus ina gcur chuige i leith cuspóir sóisialta. Trí struchtúir a fhorbairt chun smaointeoireacht comhroinnte agus nuálaíocht a thacú ar fud phobal NCAD, cabhróidh na struchtúir seo linn é seo a bhaint amach do fhoghlaimoirí reatha agus amach anseo.



### Oiriúnú a dhéanamh agus solúbthacht a léiriú do fhoghlaimoirí reatha agus amach anseo

Is é croilár Spríoc 2 an gá atá ann cinntí cróga agus soiléire a dhéanamh a léiríonn riachtanais éagsúla na mac léinn atá á n-oiliúint againn inniu, agus sinn féin a ullmhú chun freastal ar riachtanais foghlaimoirí amach anseo. Tá dúshlán nua agus réaltachtaí athraitheacha ann do dhaltaí anois, agus ní mór dúinn an chaoi a bhfreagraíonn NCAD dóibh a bhainistiú go réamhghníomhach.

Do Mhic Léinn, don Champas agus don Pobal, déanfaimid:

- Tionscnaimh agus conairí spriocdhírthe a fhorbairt chun ár mbonn foghlaimoirí a leathnú agus chun freastal ar a riachtanais mar fhoghlaimoirí ag NCAD.
- An fhoireann a thacú chun éagsúlacht i measc na mac léinn agus na bpobal foghlama a thuiscint agus í a fhreagairt go héifeachtach.
- Foghlaim ó na foghlaimoirí: ceisteoimid na mic léinn agus cinnteoimid go gcuirtear a gcuid freagraí san áireamh ar mhaithe le cinnteoireacht eolasach.
- Conas pobal foirne NCAD a éagsúlú a iniúchadh chun go mbeimid mar scáthán níos fearr ar shocháí chomhaimseartha na hÉireann.

# CÚRAI

Tá Sprioc 2 tábhachtach mar go ndíríonn cur chuige uathúil NCAD i leith na foghlama ar dhéanamh, ar thriail agus ar rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh. Ní mór dúinn cinntí cróga agus soiléire a dhéanamh a léiríonn riachtanais na mac léinn atá á n-oiliúint againn inniu agus a bheith ullamh chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí amach anseo. Chun é sin a dhéanamh, teastaíonn tuiscint *Uile-NCAD* ar riachtanais cohórt níos éagsúla mac léinn chomh maith le gníomhartha ar fud gach réimse de ghníomhaíochtaí an Choláiste.



## Spríoc 3

### A bheith mar Choláiste láidir, a bhfuil acmhainní cearta aige

Is é croílár Spríoc 3 na ár dtuiscint go gciallaíonn Coláiste agus campas a theastaíonn don todhchaí a fhorbairt ná gan a bheith eaglach maidir le castacht agus le dúshláin reatha. Tá meas againn ar ár seasamh mar institiúid atá pobalmhainithe agus táimid tiomanta do bheith in ár n-eagraíocht fhreagrach, éifeachtach agus lúfar.

Don Fhoireann,  
déanfaimid:

- Infheistiú i struchtúir a chuirfidh ar chumas na foirne naisc a dhéanamh trasna réimsí agus saineolais, agus oibreoimid i dtreo próisis sholúbtha, nuálacha agus éifeachtúla le haghaidh comhoibrithe agus malartaithe. Is í an fhoireann ár n-acmhainn is luachmhaire, agus táimid níos láidre agus níos athléimní nuair a oibrímid le chéile.
- Próisis bhainistíochta chuíchóirithe agus éifeachtúla a úsáid ar fud an Choláiste chun tionscadail straitéiseacha luachthreoraithe a sheachadadh ar scála a chomhlíonann ár gcuspóirí.

I gClár Forbartha an Champais,  
déanfaimid an méid seo a leanas:

- Oibreoimid le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear gníomhaireachtaí stáit, chun NCAD a stiúradh i dtreo an champais a chaithfidh sé a bheith. Is tionscadal fadtéarmach é an campas a mhairfidh níos faide ná shaolré an Phlean Straitéisigh seo.
- Cinnteoimid go bhfuil forbairt an champais bunaithe ar ár luachanna, ar ár spriocanna straitéiseacha agus ar ár gcuspóirí luaite, i gcomhréir lenár bhfis don fhoghlaim, don teagasc agus don taighde amach anseo.
- Tabharfaimid tacaíocht don fhoireann, do na mic léinn agus do phobal an champais i gcoitinne chun go n-éireoidh leo le linn thréimhse athraithe suntasach an chlár chaipitil chasta.
- Cuirfimid ar bun an rialachán agus an bhainistíocht láidir agus éifeachtach a theastaíonn don todhchaí athraithe suntasach seo.

DEAN

Tá Sprioc 3 tábhachtach mar go bhfuilimid tiomanta do thimpeallachtaí níos fearr a chruthú do mhic léinn, don fhoireann agus dár bpobal NCAD leathnaithe. Ní mór dúinn oiriúnú agus a bheith solúbtha mar fhreagairt ar chúinsí athraitheacha sóisialta agus geilleagracha, ag aithint ag an am céanna cé go bhfuil athrú riachtanach agus tábhachtach, nach féidir le hathrú a bheith frithghníomhach amháin.



ANALIS  
& BÍ...

## Spríoc 4

### A bheith mar ghuth gníomhach, forásach don ealaín agus don dearadh

Is é croilár Spríoc 4 ná diongbháilteacht NCAD a bheith ina abhcóide cróga, muinéeach agus bríoch don earnáil ealaíne agus dearaidh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is mian linn oibriú le comhpháirtithe ealaíne agus dearaidh agus le comhpháirtithe lasmuigh den earnáil chun dul chun cinn sóisialta bríoch a bhaint amach.

Ar son na Mac Léinn agus na n-Alumni, déanfaimid:

- Comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a thógáil a ligeann do chleachtais chruthaítheacha, saothar, foghlaim agus taighde na mac léinn agus na n-alumni a bheith nasctha chun go mbeidh tionchar acu, go háitiúil agus go domhanda.
- Líonra bríomhar alumni a fhorbairt, agus luach a gcuid saothair a thuiscint agus léiriú ar bhealach níos fearr ar fud an domhain.

Laistigh den tSochái, déanfaimid:

- Úinéireacht a ghlacadh ar ár stádas mar cheannaire in oideachas ealaíne agus dearaidh, deiseanna a lorg chun cur leis an dioscúrsa go náisiúnta agus go domhanda, agus beimid mar ionadaí dearfach agus léirsteanach don earnáil.
- Ar gcuid chun cur le tuiscint fhianaise-bhunaithe ar luach an chleachtais chruthaíthe i leith dul chun cinn dearfach sóisialta agus geilleagrach.
- Ár nguth ealaíne agus dearaidh eolasach, saineolach agus nuálach a úsáid chun neart agus luach a thabhairt do chomhpháirtíochtaí agus do líonraí laistigh dár n-earnálacha agus disciplíní agus lasmuigh díobh.



# NASCTH

Tá Sprioc 4 tábhachtach mar go bhfuil ról ceannródaíoch ag NCAD i saol ealaíonta agus cruthaitheach na hÉireann le glúnta anuas. Le blianta beaga anuas, rinneamar iarracht dhírthe chun smaointeoireacht fhorásach a threorú maidir leis na bealaí ina bhforbraítear cleachtóirí agus oideoirí ealaíne agus dearaidh. Tá an ról uathúil agus tábhachtach seo nasctha go dlúth le hearnálacha cruthaitheacha agus cultúrtha na hÉireann i gcoitinne.



## Ár Spriocanna 2026-2031 A Bhaint Amach

Tá sonraí faoi ghníomhartha agus spriocanna do na ceithre Sprioc i bPlean Cur Chun Feidhme ar leithligh. Déanfar é seo a nuashonrú go rialta agus a chur in iúl don fhoireann, do na mic léinn agus do na páirtithe leasmhara.

Tá na nithe seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag ár ngníomhartha uile:

- An méid foghlamtha ó *Futures Bold and Curious*.
- Dianphróisis agus córais phleanála um chur i bhfeidhm.
- Foirne tionscadail tras-choláiste a bhfuil spriocanna soiléire agus amlínte céimnithe acu.
- Lúfaireacht phleanála agus cinnteoireacht eolasach.

Cinnteoidlí  
Cruthú, Ceistiú, Cúram  
go mbeidh NCAD 2031:

- Ag seachadadh an chleachtais agus an chuspóra chruthaithe, agus na scileanna cruthaitheacha a theastaíonn ón tsochaí.
- Ina institiúid ina bhfaigheann mic léinn oideachas nuálach, dána agus ábhartha a chuireann ar a gcumas aghaidh a thabhairt réaltachtaí an tsaoil chomhaimseartha.
- Ag céim nua, spreagúil i bhforbairt an Choláiste agus an champais agus réidh don todhchaí.
- Ina institiúid lárnach laistigh d'earnáil ealaine agus dearaidh na hÉireann, ag obair le comhpháirtithe laistigh den earnáil agus lasmuigh di chun dul chun cinn sóisialta bríoch a stiúradh.



# GARSPRIOCANN

2026-2031

Is doiciméad beo é *Cruthú, Ceistiú, Cúram*.  
Féach [strategy.ncad.ie](http://strategy.ncad.ie) le haghaidh sonraí iomlána  
maidir leis na garspriocanna, na gníomhartha,  
na spriocanna agus an dul chun cinn go léir.  
Déanfar an t-eolas a nuashonrú go rialta.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA  
EALÁINE IS DEARTH  
NATIONAL COLLEGE  
OF ART & DESIGN**

©2026 Coláiste Náisiúnta na hEalaine & Dearaidh

Dearadh Grafach Bíúró+,  
Coláiste Náisiúnta Ealaine & Dearaidh,  
100 Sráid Thomáis,  
Cé Uiséir,  
Baile Átha Cliath 8,  
D08 K521

Dearadh Grafach:  
Aisling Strzoda,  
Cian Giles,  
Ella Mc Nulty,  
Oisín Allen

Cló-aghaidh:  
Spenser le Bobby Tannam

Eagarthóir:  
Henrietta McKervey

Aistriúchán:  
Word Perfect Translation, Ltd.

Páipéar:  
Keaykolour Camel 120gsm,  
Munken Pure Rough 120gsm,  
Vanguard Red 160gsm

Curtha i gcló i mBaile Átha Cliath ag Plus Print

Suíomh Gréasáin le Stiúideo Poist



## Deartha ag mic léinn NCAD

**Cruthaíonn roinnt treoracha dearaidh deiseanna iontacha, agus ba cheann acu é seo. Cuireadh de chúram ar na mic léinn Aisling Strzoda, Cian Giles, Ella Mc Nulty agus Oisín Allen an doiciméad straitéise seo a dhearadh. Tá an ceathrar ina mbaill de Bureau+, stiúideo atá dírithe ar thaighde agus atá faoi bhainistíocht mac léinn laistigh den chlár Studio+. Is timpeallacht champasbhunaithe é Studio+ ina dtéann mic léinn i mbun fíorthionscadail tráchtála agus cultúrtha.**

Ba é an treoir dearaidh ná bonndoiciméad a dhearadh, ina leagfaí amach aidhmeanna, misean, luachanna, spriocanna agus cuspóirí na hinstitiúide, do lucht léimh a chuimsíonn baill foirne, mic léinn, geallsealbhóirí agus pobal náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne. Bhí gá leis an doiciméad a bheith inrochtana, inléite agus tarraingteach, agus tábhacht na healaíne agus an dearaidh i ndálaí sóisialta agus polaitiúla reatha agus amach anseo á cur in iúl, agus a léireodh suíomh uathúil NCAD mar choláiste ealaíne agus dearaidh neamhspleách go soiléir. Chuimsigh an scóip iniúchadh formáide, modhanna clódóireachta, dath, íomhánna agus grafaicí. Bhí gá freisin le dearaí a bheith inaistrithe go formáid dhigiteach, agus sócmhainní tugtha do fhoireann sheachtrach le haghaidh cur i bhfeidhm gréasáin.

D'oibrigh Aisling, Cian, Ella agus Oisín go díreach leis an mbainistíocht shinsearach ag cur coincheapa i láthair agus ag déanamh beachtaithe bunaithe ar aiseolas ón iliomad gheallsealbhóirí feadh an phróisis. D'oibrigh siad i gcomhar le chéile, trí Miro, léirmheasanna grúpa agus fuair siad aiseolas rialta ó theagascóirí. Ceathrar rannpháirtithe ag múnú toradh comhtháite amháin. Agus iad ag gabháil do chlár iomlán modúl breise freisin. Rinneadh treonna luatha a thástáil agus athoibriú. Bhí an-bhaint ag an bhfoireann le taighde, le forbairt coincheapa agus atriall, tástálacha leagan amach, samhlacha agus turgnaimh chlódóireachta feadh an phróisis. Rinneadh cinntí trí thástáil seachas dul le treo amháin go ró-luath. Bhí cothromaíocht idir dánacht agus soiléireacht bainte amach sa toradh, é léiritheach, ach ní raibh an teachtaireachta thíos leis riamh.

Is é an toradh atá air ná an foilseachán straitéise seo, mar aon le haistriú iomlán sócmhainní chuig an bhfoireann dhigiteach le haghaidh cur i bhfeidhm gréasáin.